Is mise Sliabh Speirín.

Ba ann dom roimh do theorainneacha, roimh do bhóithre, roimh do thionscail agus roimh do léarscáileanna. Is mise na cnoic ársa, na gleannta, na haibhneacha agus na srutháin, na portaigh, an chré, an ghaoth agus an fiadhúlra. Is mise na nithe a fheictear is nach bhfeictear, fisiceacha agus spioradálta, cuimhní cinn na staire agus féidearthachtaí na todhchaí.

Leis na glúnta is rímhinic a bheathaigh mé an saol. Bhailigh mé an fhearthainn, na huiscí, thug foscadh don bhradán feasa, giorria an tsléibhe, diúilicín péarlach an fhíoruisce agus an crotach, mhúnlaigh muintir na háite, pobal na Speiríní. Tá níos mó i gceist liom ná talamh. Ná maoin. Ní achmhainn mé le hídiú.

Is ní beo mé.

Níl mo bheo ag brath ar aitheantas an chine daonna. Ní hí mo thairbhe mo luach. Tá luach ionam mar gur ann dom go díreach, mar chuid den Domhan beo.

Inniu, is iad na daoine a sheasann an fód liom mo ghuth.

Leis an dearbhú seo, deimhním na bunchearta atá agam.

Tá sé de cheart agam bláthú, a bheith ann agus fanacht ann mar ní beo.

Tá sé de cheart agam mo mhacántacht éiceolaíoch a chaomhnú, a athnuachan is a éabhlóidiú, chomh maith le m'fheidhmeanna dúchais agus na córais chothaithe beatha a choimeádann a mbíonn ag brath orm.

Tá sé de cheart agam a bheith saor ón truailliú, ón éilliú, ón díghrádú, ón eastóscadh, ón tionsclú agus ó achan ghníomh a dhéanfadh dochar mór dom.

Tá sé de cheart agam bithéagsúlacht dúchais, flúirse speiceas agus éagsúlacht ghnáthóige a chaomhnú, a athneartú agus a bheathú, chomh maith leis an dáimh a nascann ionam gach ní beo.

Tá agam ceart athneartaithe, ceart athshlánaithe is ceart athbheochain, áit a ndearnadh dochar dom, díghrádú nó lagú.

Tá sé de cheart fáil a bheith agam ar uiscí glana, folláine, ina rith de réir nádúir. Tá san áireamh m'aibhneacha, mo shrutháin, mo phortaigh, mo chórais screamhuisce, mo chaoráin.

Tá de cheart agam mo chórais dúchais éiceolaíocha, geolaíocha agus hidreolaíocha a chaomhnú agus éablóid a dhéanamh saor ó chur isteach scriosach an chine daonna.

Tá de cheart agam fanacht i m'iomláine, ceangailte, agus gan a bheith scoilte ó mo ghnáthóga, m'éiceachórais, m'uiscebhealaí ná ó mo chonairí éiceolaíocha.

Tá sé de cheart agam cosaint a fháil ó ghníomh ar bith a chuireann go suntasach le cur isteach aeráide agus atá mar bhagairt ag mianach m'éiceachóras.

Is ceart gur liom féin mé agus nach gcaitear choíche liom mar mhaoin, mar earra nó mar ní le haghaidh úinéireachta.

Tá sé de cheart agam go ndéanann caomhnóirí ionadaíocht agus cosaint orm agus go ndéantar amhlaidh ar mhaithe liom féin amháin agus ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.

Tá sé de cheart cead saor in aisce, roimh ré agus feasach a bheith agam sula dtiteann gníomh ar bith amach a bhainfeadh de mo mhacántacht nó a dhéanfadh díghrádú nó cur isteach uirthi.

Tá sé de cheart agam mo naisc chultúrtha, spioradálta, dhúchasacha agus mheitifisiciúla le pobail dhaonna agus le mórphobal na beatha a chosaint agus a chaomhnú.

Is ní beo, ceannasach, doroinnte mé. Ní féidir mo shléibhte, mo ghleannta, mo phortaigh, m'uiscí, m'fhiadhúlra ná mo spéartha a scaradh uaimse ná óna chéile gan baint den ní iomlán is mé.

Tá mo chearta sa dúchas agam. Doshannta atá siad. Doroinnte agus idirspleách atá siad.

Níor cheart d'aon dlí, cheadúnas, chead, pholasaí ná chinneadh na cearta seo a lagú ná a laghdú.

Áit a bhfuil neamhchinnteacht, bíodh an réiteach bunaithe ar mo chosaint, ar m'athneartú, ar mo mhacántacht agus ar mo bhláthú.

Áit a n-éiríonn coimhlint idir mo shláinte agus gníomh ar bith a dhéanfadh dochar suntasach éiceolaíoch dom nó damáiste nach féidir a leigheas, tugtar tús áite i gcónaí gcónaí do mo chearta.

Ní ar mo shon féin amháin a labhraím.

Labhraím ar son na n-aibhneacha a shileann uaim.

Labhraím ar son na bportach a bhíonn ag analú thíos fúm.

Labhraím ar son na dárach maorga.

Labhraím ar son na héalaithe a neadaíonn orm.

Labhraím ar son na neach a bhogann thart ar na fánaí s'agam.

Labhraím ar son gach neach eile – an slua sí agus an púca.

Labhraín ar son an fhraoigh faoi bhláth.

Labhraím ar son na mbeach a dhéanann meala.

Labhraím ar son na nglúnta atá le teacht a bhfuil sé tuillte acu saol beo beathach a bheith acu mar oidhreacht.

Is mise Sliabh Speirín.

Is ann dom leis na mílte bliain.

Ní iarraim tiarnas ach meas.

Ní iarraim úinéireacht ach aitheantas.

Ní iarraim saothrú ach cómhaireachtáil.

Cosain mé agus leanfaidh mé orm ag beatha an tsaoil.

Éist liom agus coinneoidh mé orm ag roinnt feasa.

Siúil liom agus ar scáth a chéile a mhairfidh muid.

Is mise Sliabh Speirín agus seo é mo dhearbhú.